

Aonad 1 – Ceacht 6



Riachtanais agus Mianta Cártaí na nDaltaí



Tim

Is tógálaí thú agus tá árasán ar cíos agat. Íocann tú do bhíllí in am i gcónaí. Faighteann tú pá gach Aoine agus téann tú amach le do chairde. Is minic go mbíonn tú ag fanacht ag an ATM ag meán oíche Déardaoin don airgead. Ní dhéanann tú aon airgead a choigilt, ach ní fhaigheann tú airgead ar iasacht ach oiread. An t-aon airgead a chaitheann tú ná an pá a fhaigheann tú gach seachtain. Ceannaíonn tú aon rud gur mian leat mar ceapann tú go bhfuil sé tuillte agat.



Sarah

Tá an Ardteist á déanamh agat i mbliana. Ba mhian leat a bheith i do dhochtúir, cosúil le do dhaid. Níl post páirtaimseartha uait mar íocfaidh do thuismitheoirí as gach rud nuair atá tú san ollscoil. Ciallaíonn seo gur féidir leat d'aird a dhíriú go hiomlán ar an staidéar.



Pedro

Tá tú díreach tar éis an ollscoil a chríochnú agus tá post faighte agat le banc. Tá cónaí ort le do thuismitheoirí fós – agus níl fonn ort bogadh. Cén fáth a bhfágfa an teach compordach le béilí saor in aisce? Caitheann tú d'airgead go léir ar éadaí agus laethanta saoire. Bíonn na héadaí is faiseanta ort i gcónaí.





Riachtanais agus Mianta Cártaí na nDaltaí



Ferdia

Críochnóidh tú san ollscoil i mbliana agus beidh tú ag taisteal go dtí an Astráil ina diaidh. Tá tú ag smaoineamh faoi seo le ceithre bliana anuas. Bhí post páirtaimseartha agat ó thosaigh tú san ollscoil agus déanfaidh tú uaireanta breise i mbliana. Tá carr agat ach tá sé ar intinn agat é a dhíol sula dtéann tú ag taisteal.



Maria

Tá do phost díreach cailte agat. Go dtí seo ní raibh fadhb dá laghad agat. D'íoc tú do bhillí agus do mhorgáiste in am. Cheannaigh tú aon rud a bhí uait agus chuaigh tú amach aon am a theastaigh uait. Ach anois tá tú i bponc mar níl a fhios agat conas a íocfaidh tú na billí nó aon rud eile gur mian leat. Níor cheap tú go mbeadh tú sa staid seo riamh. Níl tuairim agat cad a dhéanfaidh tú



Magda

Bhí páiste agat le déanaí agus cosúil le gach thuismitheoir bhí tú ag iarraidh gach rud a cheannach dóibh. Ach níl leath den stuif atá ceannaithe agat úsáidte. Tuigeann tú nach raibh tú stuama agus gur chuir tú airgead amú. Anois, tá tú ag iarraidh airgead a choigilt le cinntiú go mbeidh sé agat sa todhcháí nuair a bhíonn sé ag teastáil.



Niall

Tá tú gafa go hiomlán ó mhaidin go hoíche le peil. An post atá uait sa todhcháí ná bheith i do pheileadóir gairmiúil. Tá tú díreach críochnaithe ar scoil agus tá cónaí ort sa bhaile le do thuismitheoirí. Níl post agat mar níl ceann de dhíth. Beidh tú in ann aon rud gur mian leat a cheannach sa todhcháí mar beidh tú saibhir.

